—2010—

# Idir Dhá Fhocal—Cás an Údair?

Colm Breathnach

(Cathaoirleach: Liam Mac Amhlaigh)

## Idir Dhá Ainm nó Fás an Údair

Ní miste miotas a ghiniúint. Ní foláir, ar aon chuma, insint éigin a sholáthar. Gabháil a chur ar fáil. Gabháil focal. Chuige sin, ní mór tosnú áit éigin. Déanfaidh an chéad lá ar scoil cúis.

Naoi gcéad déag seasca a cúig, más ea, más cruinn m'áireamh. Mam a thugann ann mé. Isteach linn go lár na cathrach ar dtúis, sa mhótar i dteannta Dhaid ar a shlí chun na hoifige do. Scaoileann sé amach sinn ar an Meal Theas. Siúl ansan, trasna Dhroichead Pharnell go dtí Sr. Anglesea mar a bhfuil an Mhodhscoil. Seo an chéad uair a bheidh mé asam fhéin gan Mam ná Daid ná éinne eile don dteaghlach i mo theannta. Ní bheidh mé asam fhéin ar fad, dar ndóigh. Tá deartháir mór liom i scoil na sinsear agus tiocfaidh sé chun mé a bhailiú ar a leath i ndiaidh a dó dhéag chun go raghaimid abhaile ar an mbus. Ach idir an dá linn fágfar i m'aonar mé i rang na naíonán beag. Seana-thigh brící dearga is ea tigh na scoile. Seo linn i dtreo gheata na scoile. Tá Bean Uí Chadhlaigh, Príomhoide Scoil na Naíonán, sa doras ag fáiltiú roimh na rudaí beaga nua. Seana-bhean bheag ghrámhar í. Buantonnadh ina folt bán. Dhéanfadh Bean Uí Chadhlaigh ana-sheana-mháthair go deo, a déarfainn, agus níl aon seana-mháthair fanta agamsa. Béarla, áfach, a labhraíonn sí le Mam, ar chúis éigin, nuair a thagaimid chomh fada léi agus is é deir sí, ag féachaint ormsa di, 'Well *he*'s a Long, anyway,' á chur in iúl di gur le taobh na máthar a chuaigh mise, dar léi. Cuirim cos i dtaca agus deirim, 'I'm *not* a Long, I'm a Breathnach.' An aon ionadh é go bhfuilim ag iarraidh teacht orm

féin ó shin? Agus go mbraithim gur call dom mé fhéin a chur in iúl, céannacht a chruthú dom fhéin agus aitheantas a mhúnlú nó a ghnóthú fiú.

Féachaim siar, mar sin, ar a leithéidí seo d'ócáid, abraimis: Tráthnóna breá Domhnaigh is ea é, i rith an tsamhraidh, tráth éigin thart ar dheireadh na 1960í nó tús na 1970í. Táim seacht nó hocht mbliana d'aois nó a naoi ar a mhéad. Tagaim abhaile tar éis a bheith ag imirt sacair sa Ghort Arbhair trasna an bhóthair is chím seana-rothar le binn an tí. Tá a fhios agam, mar sin, go bhfuil Domhnall Óg Ó Ceocháin istigh agus gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh an dán is déanaí atá cumtha aige á aithris aige do mo thuismitheoirí. Cleithire fir é. Tá sé leath-mhaol. Tá cúl dubh gruaige ó chluas go cluas siar air ach ó chlár a éadain go barr a bhaithise tá sé maol. D'inis m'athair dom tráth i dtaobh na coirne ar leith a bhíodh ag na manaigh in Éirinn seachas mar a bhíodh ar na manaigh in áiteanna eile san Eoraip. Mheasainn, tráth, nuair a d'fheicinn Domhnall nárbh fholáir nó gur mar a bhí a chuid gruaige aige siúd a bhíodh an chorann ghaelach úd agus, dá bhrí sin, dheineas amach gurbh iar-mhanach é. Tá cónaí ar Dhomhnall ar Bhóthar na Modhfheirme agus buaileann sé amach chugainn ó thráth go chéile, tráthnóna Domhnaigh ar an gcuma san. Mar a tharlaíonn, tá cónaí ar Sheán Ó Tuama ar Bhóthar na Laoi. Bhí dán dá chuid siúd, 'Asailín Pharis' i nduanaire filíochta a bhí agam ar scoil. Tá aithne mhaith againn ar na Tuamaigh, leis. Agus thiar i mBun an Chumair, cúpla míle siar an bóthar uainn, tá Seán Ó Ríordáin, file eile go mbeidh dánta leis ar chúrsaí na meánscoile nuair a raghaidh mé ann, chomh maith. Saghas aithne ag mo mhuintir air sin, leis. Istigh i lár triantáin atáim, mar sin, go bhfuil file Gaeilge ar gach rinn do. San áit ina sileann an tSeabharthanach isteach sa Laoi, ball go dtugtar Bun Abha air, i dtigh gur bhaist mo mháthair 'Ladhar na Gréine' air, atáim ag fás aníos. An aon ionadh é go ndéanfar file díom, nuair a bheidh mé mór?

Caitear a bheith sa dámh. Chuige sin ní mór aithris a dhéanamh, is é sin nach mór a bheith ag ársaí. Ag déanamh miondealú ar mhóimintí an tsaoil. Mar seo, abair: Táim ocht mbliana déag d'aois. Meán Fómhair na bliana 1979 atá ann. Do bhronn an Ollscoil scoláireacht trí seachtaine sa Ghaeltacht orm. Tá an Pápa in Éirinn ach is róchuma liomsa faoi sin mar táimse i gCorca Dhuibhne agus mar a tharlaíonn, chun gur féidir lóistín a thabhairt do mhic léinn i rith an tsamhraidh, bogann fear an tí ina bhfuilim ag fanúint amach chuig carabhán atá sa ghort os comhair an tí. Tá an t-ainm a bhaist sé ar an gcónaí samhraidh seo aige breactha i bpéint dhubh ar chliathán an charabháin—*Castel Gondolfo*, pálás samhraidh an Phápa. Ag labhairt atáim leis an seana-leaid seo go ndéanfar údar foilsithe do fós agus gurb údar cheana féin, ina theannta san, é ar gach diabhal ní faoin spéir, mar is dual do phápa. Ba mhaith leis go nglacfainnse nótaí agus é ag labhairt, chun gur fearr a fhoghlaimeoidh mé Gaeilge uaidh. Cuireann sé ag triall ar chóipleabhar mé agus fiafraíonn díom an bhfuil agam nuair a fhillim ó mo